


Athbhreithniú Téamach an ECFE ar Pholasáí Oideachais agus Cúraim don Luath-Óige in Éirinn





Athbhreithniú Téamach an ECFE

Ba mar fhreagra ar athruithe móra i sochaithe iarthar an domhain ag deireadh an 20ú aois a tháinig athbhreithnithe téamacha ar pholasaí luath-óige chun cinn. Go bunúsach, d'athraigh an fhreagracht i leith chúram agus oideachas leanaí óga i dtíortha tionsclaithe ó bheith ina freagracht phríobháideach go freagracht phoiblí, agus anois tá an teaghlach agus an stát le chéile freagrach astu. Ní hamháin go mbeadh rochtain chomhionann ag mná ar mhargadh an tsaothair ina sprioc thábhachtach sa bhforbairt sin ach go mbeadh chomh maith leis sin tús cothrom sa saol agus sa scoil ag gach leanbh.

Chun meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na dtíortha i réimse na luath-óige agus chun samplaí de pholasaithe poiblí ar éirigh leo a chur in iúl sheol an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) sraith d'athbhreithnithe téamacha náisiúnta deonacha i 1998. D'fhreagair fiche tír, Éire ina measc. I 2002 thug an Roinn Oideachais agus Eolaíochta cuireadh do Stiúrthóireacht Oideachais an ECFE athbhreithniú a dhéanamh ar pholasaithe agus seirbhísí luath-óige sa tír.

I gcomhair an athbhreithnithe, chaith foireann athbhreithnithe an ECFE seachtain in Éirinn i Samhain 2002 ag déanamh breathnóireachta agus ag dul i gcomhairle le lucht déanta polasaithe agus soláthraithe oideachais agus cúraim luath-óige. Comhaontaíodh leis an bhfoireann ECFE go ndíreodh an tAthbhreithniú in Éirinn ar **chomhordú, rochtain agus ardchaighdeán** ó thaobh sholáthar luath-óige. Choimisiúnaigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta *Tuarascáil Chúlra* ar fhorbairtí agus cleachtais maidir le soláthar luath-óige in Éirinn. Ullmhaíodh an Tuarascáil sin i gcomhchomhairle le Ranna, gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara cuí in Éirinn.

Seo mar a deir an tAthbhreithniú faoi...

Feabhas a chur ar Chomhordú...

Ag Leibhéal Náisiúnta molann an Tuarascáil:

- Polasaí oideachais agus cúraim luath-óige trí chéile a chomhcheangal faoi roinn amháin nó faoi ghníomhaireacht shonraithe pholasaí agus mhaoinithe.
- *Plean Náisiúnta d'Fhorbairt Seirbhísí Luath-Óige* a chur le chéile láithreach agus a chur i bhfeidhm thar thréimhse trí bliana, plean ina mbeadh sé ráite go soiléir ag na Ranna a bheadh páirteach ann cé hiad na spriocanna, cuspóirí, spriocanna ama, freagrachtaí agus bearta ar mhaithe le







cuntasacht (accountability) atá acu. Cé go mbeadh cúram uilíoch ag an bplean ba cheart go gcuimseodh sé spriocanna bliantúla agus maoiniú sonrath d'fho-ghrúpaí thábhachtacha mar leanáí faoi mhíbhuntáiste, leanáí de chuid an Lucht Siúil agus leanáí le riachtanais speisialta.

- Feidhmiú an *Pháipéir Bháin ar Luath-Oideachas* (1999) agus, i gcás leanáí le riachtanais foghlama speisialta, feidhmiú mholtaí an *Fhórait Náisiúnta um Oideachas na Luath-Óige* (*National Forum of Early Childhood Education*) (1998).
- Bunú *Aonad Forbartha Luath-Bhlíanta* (Early Years Development Unit) laistigh den Roinn Oideachais agus Eolaíochta.
- Athchóiriú ar an *gCoiste Náisiúnta Chúram Leanáí* d'fhonn coiste fócasaithe a chruthú le rannpháirtíocht athnuaite na Roinne Oideachais agus Eolaíochta – *Coiste Náisiúnta Pholasaí do Oideachas agus Cúram Luath-Óige*. Beidh sé mar aidhm ag an gCoiste a chinntiú go bhfuil polasaithe na Ranna éagsúla comhsheasmhach agus i gcomhréir lena chéile, agus go bhfuil siad maoinithe go cuí.
- Eagrú praiticiúil, lánpháirtiú agus bainistíocht na seirbhísí cúraim agus oideachais luath-óige a dhílárú go gníomhaireachta nó coistí áitiúla (Coistí Oideachais Luath-Óige agus Cúram Leanáí) ag leibhéal contae/cathrach agus go mbeadh cumhachtaí rialaithe agus maoiniú stáit mar thaca acu.

Seo mar a deir an tAthbhreithniú faoi...

Rochtain a leathnú...

I gcás leanáí in aois 0-3 bliain - an Earnáil Chúram Leanáí - Molann an Tuarascáil:

- Gréasán *Ionad Teaghlaigh agus Leanáí* a bhunú ar fud na tíre i ngach contae agus gach cathair chun scoth-chláir a chur ar fáil, agus chun gníomhú mar ionaid riaracháin agus oiliúna do pholasaí teaghlaigh agus luath-óige. Moltar go láidir go mbeadh idirchaidreamh i measc na ngníomh-aireachtaí rialtais agus maoiniú comhchoiteann acu nuair atáthar ag cur na n-ionad sin ar bonn.
- Machnamh ar Fhadú Saoire na dTuismitheoirí go bliain, le ráthaíocht caomhnaithe poist, d'fhonn cúram tuismitheora a chur ar fáil do leanáí sa chéad bhliain dá saol nuair is géire a riachtanas, agus chun cur le coimeád na mban sa mhargadh saothair san fhadtéarma.
- Riachtanais chuile chontae a mheasúnú. Ba chóir eolas i dtaobh rochtana a chur ar fáil do thuismitheoirí.







- Méadú ar an soláthar d'áiteanna cúram leanaí do leanaí óga bliain d'aois agus níos sine trí fheighlithe leanaí den scoth a chreidiúnú agus a fhor dheonú, agus iad a spreagadh ag leibhéal contae chun gréasáin creidiúnaithe chúram lae teaghlaigh a bhunú.
- Soláthar seirbhísí buail-isteach a mbeadh bainistíocht ghairmiúil orthu do mháithreacha atá sa bhaile agus leanaí óga acu.
- Deireadh a chur le fadhbanna teaghlach ar ioncam íseal nó ar mheán-ioncam, nár leor a n-acmhainn, trí théarma a chur leis na táillí a íocann tuismitheoirí, agus fordheontais oibrithe a sholáthar do sholáthróirí creidiúnaithe, bídis i lárionaid nó i ngréasáin, i leith gach linbh incháilithe atá ina gcuid seirbhísí.

I gcás leanaí in aois 3-6 bliain - an Earnáil Oideachais - Molann an Tuarascáil:

- Rochtain ar sheirbhísí a leathnú do gach leanbh 3-6 bliain d'aois (de réir nós tíortha eile na hEorpa), seirbhísí lae-iomláin agus cúram lasmuigh den scoil san áireamh. Cuspóir ba cheart a bhaint amach is ea seisiún oideachais a chur ar fáil saor in aisce do gach leanbh ar maidin agus ina dhiaidh sin, nuair is gá, seisiún réamhscoile a chur ar fáil san iarnóin a mbeadh táille laghdaithe le híoc as. Ba cheart machnamh ar úsáid a bhaint as an scoil áitiúil nó as áitreabh lena thaobh do sheisiúin iarnóna d'fhonn aistriú leanaí óga ó háit go háit a sheachaint agus mar gheall ar chúrsaí eacnamaíochta. Má thugtar creidiúnú dóibh, féadfaidh an earnáil phobail nó an earnáil dheonach agus soláthróirí príobháideacha a bheith rannpháirteach freisin agus an gnáthdheontas poiblí nó fordheontas chúram leanaí nó réamhscoile a fháil.
- Gach leanbh 4 bliana d'aois ón lá seo amach (cibé cén mhí a rugadh é nó í) a bheith i dteideal áit oideachais a fháil saor in aisce i suíomh scoile nó réamhscoile. Nuair is í scoil na naíonán atá i gceist, bheadh an beart seo inghlactha do thuismitheoirí agus múinteoirí araon dá gcuirfí Cúntóir Leanaí ar fáil do na ranganna naíonán ar fad agus an cóimheas leanaí-mhúinteora a íslíú amhlaidh go 15:1 ar a mhéid don aois-ghrúpa sin.
- Creidiúnú agus tacaíocht airgeadais ón Roinn a thabhairt d'eagraíochtaí roghnaithe, bídis deonach, príobháideach nó ina n-eagraíochtaí phobail, a bhfuil sé ar a gcumas cláir fhorbartha ardchaigdeáin a chur ar fáil.
- Méadú ar infheistíocht i bhfor-rochtain ar an bpobal agus ar infheistíocht in oiliúint chun a chinntiú go mbíonn tuismitheoirí in ann a bheith rannpháirteach go héifeachtach i mbearta comhairligh agus i rólanna bainistíochta laistigh de struchtúir luath-óige agus struchtúir scoile.





I gcás leanaí faoi mhíchumas molann an Tuarascáil:

- Moltaí an *Fhórait Náisiúnta um Oideachas na Luath-Óige* (1998) a chur i bhfeidhm gan mhoill, chomh fada agus a bhaineann le leanaí le riachtanais speisialta, na moltaí maidir le reachtaíocht shonrach, agus córas cuimsitheach náisiúnta seirbhísí uileghabhálacha do leanaí le riachtanais speisialta, san áireamh.

I gcás leanaí gur as cúlra faoi mhíbhuntáiste iad molann an Tuarascáil:

- Córas a fhorbairt chun aithne a chur ar leanaí nach bhfuil ar rolla sa seirbhísí oideachais sul a mbíonn ceithre bliana slánaithe acu, d'fhonn idirghabháil luath a éascú nuair atá gá leis.
- Breis seirbhísí a sholáthar do leanaí as cúlra faoi mhíbhuntáiste a bhfuil gnéithe iomadúla ag baint leo, agus a bhfuil teaghlaigh páirteach iontu agus iad i gcomhord le gníomhaireachta cuí eile.
- An tionscadal leath lae atá ann faoi láthair *Tús Luath (Early Start)* a leathnú diaidh ar ndiaidh go cúram agus oideachas lae iomlán agus go gcuirfeadh soláthróirí pobail na seisiúin iarnóna ar fáil. Is féidir leasúcháin eile ar an tionscnamh a shamhlú, de leithéid breis líonraithe i measc gairmithe *Tús Luath*, for-rochtain fheabhsaithe ar thuismitheoirí, dearadh na gclár a bheith níos oiriúnaí agus seirbhísí scoile agus pobail a lánpháirtiú níos fearr.

I gcás Leanaí de chuid an Lucht Siúil molann an Tuarascáil:

- Moltaí tuarascáil mheastóireachta na Roinne Oideachais agus Eolaíochta *Pre-School for Travellers* a chur i bhfeidhm gan mhoill.
- Go ndéanfadh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta meastóireacht bhliantúil ar na fíorthorthaí do leanaí an Lucht Siúil.
- Go gcuirfeadh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta seirbhís chomhairleoireachta ar bun do leanaí an Lucht Siúil chun tacaíocht a thabhairt dóibh i mbunoideachas agus in oideachas dara leibhéal.
- Ceapadh ionadaithe as measc an Lucht Siúil a mhachnamh ar chomhlachtaí polasaí bainteacha atá ag déileáil le luathoideachas, bunoidéachas agus oideachas dara leibhéal.
- I gcomhréir le moltaí an *Pháipéir Bháin ar Luath-Oideachas* (1999), ba chóir múinteoirí agus cúntóirí leanaí don Lucht Siúil a oiliúint agus a earcú agus a líon siúd a bheith ag dul i méid i gcónaí.








Seo mar a deir an tAthbheithniú faoi...

Feabhas ar Chaighdeán...

I gcás na nEarnálacha Oideachais agus Cúram Leanaí molann an Tuarascáil:

- *Creatlach Náisiúnta Cuspóirí agus Ardchaighdeán (National Goals and Quality Framework)* a chumadh do chuide chlár do leanaí óga i lárionad, agus fócas na Creatlaí sin a bheith ar chaighdeán chomhaontaithe do sheirbhísí.
- Scéim creidiúnaithe deonaí agus feabhsaithe caighdeán a fhorbairt do sholáthróirí seirbhíse, a bheadh nascaithe le maoiniú, agus fócasaithe ar riachtanais bhainistíochta, foirne agus cláir, spriocanna forbartha agus monatóireacht agus tacaíocht oideolaíoch leanúnach.
- Bonneagar oiliúna láidir ag leibhéal contae/cathrach do ghairmithe luath-óige a fhorbairt a bheadh bunaithe ar an doiciméad pholasaí *Model Framework for Education, Training and Professional Development in the Early Childhood Care and Education Sector* (Rialtas na hÉireann, 2002).
- Treoirínte ardchaighdeán a leagadh amach i dtaca le leanaí óga in aois 4-8 bliain d'aois a ghlacadh isteach sa bhunscoil.
- Oideolaíocht níos gníomhaí, foghlamtha ó thaithí, a thabhairt isteach i ranganna naíonán in ionad na hoideolaíochta teagascaí a bhí ann den chuid is mó.
- Buiséad ar leithligh a sholáthar do gach scoil naíonán agus freagracht shonrach bainistíochta a thabhairt do mhúinteoir sinsearach na scoile naíonán.
- Oiliúint láidir réamhsheirbhíse a sholáthar do mhúinteoirí luath-óige i gcoláistí oiliúna. Go dtí gur féidir é sin a chruthú agus a thabhairt isteach, moltar córas oiliúna inseirbhíse a eagrú agus a mhaoiniú do gach múinteoir ranga naíonán, go háirithe do mhúinteoirí sinsearacha a bhfuil freagrachtaí bainistíochta acu.
- Cigire amháin ar a laghad a sholáthar ag leibhéal réigiúnach a bhfuil cúlra agus oiliúint i luath-oideachas aige/aici. Moltar chomh maith féinmheastóireacht mhúnlaiteach.
- Tuilleadh leathnaithe ar pholasaithe faisnéise agus rannpháirtíochta do thuismitheoirí ag leibhéal áitiúil agus ag leibhéal náisiúnta araon.
- Córais níos láidre taighde, meastóireachta agus bailithe sonraí a chur i bhfeidhm thar tréimhse.







Chun breis eolais a fháil...

Tá leaganacha iomlána den Nóta Tíre ECFE agus den Tuarascáil Chúlra Éireannach, a choimisiúnaigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta le fáil chun íoslódála ó laithreán Gréasáin an ECFE ag www.oecd.org/edu/earlychildhood nó ó láithreán Gréasáin na Roinne Oideachais agus Eolaíochta ag www.education.ie.

Is féidir cóipeanna crua a fháil ach teagmháil a dhéanamh leis:

An Aonad Cumarsáide
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Sráid Maoilbhríde
Baile Átha Cliath 1
Teil: 353 1 889 2388

Tá an bhileog eolais seo dá maoiniú ag:

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Sráid Maoilbhríde
Baile Átha Cliath 1



©Iúil 2004

Praghas: €3.00

Is iad tuairimí na n-údar a chuirtear in iúl sa doiciméad seo agus ní gá gur léiriú iad ar thuairimí na n-údarás in Éirinn, an ECFE ná Stiúirthóireacht Oideachas an ECFE.

Dearthóir > Q design/print@4908 201

